**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2003**

# EALAÍN –

# STAIR AGUS LÉIRTHUISCINT NA hEALAÍNE

## GNÁTHLEIBHÉAL

DÉ LUAIN, 16 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 i.n. go dtí 4.30 i.n.

---

Tá 150 marc ag dul don pháipéar seo.

**TREORACHA**

(a) Scríobh an oiread agus is féidir leat ar **thrí** cheist. Ba chóir ceist **amháin** a roghnú as Roinn 1, ceist **amháin** as Roinn 11, agus ceist **amháin** as Roinn 111.

(b) Tá gach ceist ar cómharc. (50)

(c) Is cóir **sceitsí agus léaráidí** a úsáid cibé áit ar féidir chun do chuid pointí a léiriú.

(d) Déan tagairt de réir mar is gá do na **léaráidí atá ar an mbileog faoi iamh**.

---

# ROINN I – AN EALAÍN IN ÉIRINN

**1.** Scríobh an oiread agus is féidir leat ar **Bhrú na Bóinne** faoi na ceannteidil seo a leanas:
- suíomh
- cur síos ginearálta
- maisiúchán
- feidhm

*Úsáid sceitsí chun do fhreagra a léiriú.*

**2.** Breathnaigh go géar ar na ***léaráidí faoi iamh*** de **Chailís Ardach** agus de **Chailís Dhoire na bhFlan**.

(a) Déan cur síos agus plé ar an **dearadh** agus an **maisiúchán** atá orthu.
(b) Scríobh cuntas ar a **bhfeidhm** agus ar na **hábhair a úsáideadh chun iad a dhéanamh**.
*Úsáid sceitsí chun do fhreagra a léiriú.*

**3.** (a) Scríobh cuntas ar dhoras Rómhánúil Éireannach **Ardeaglais Chluain Fearta**, ***atá léirithe ar an mbileog faoi iamh.***
(b) Déan sceitse den doras agus dá mhaisiúchán.
(c) Scríobh cuntas gairid ar Shéipéal Chormaic **nó** ar shampla ar bith eile den Ailtireacht Rómhánúil in Éirinn.

**4.** (a) Roghnaigh an foirgneamh is fearr leat as an tréimhse Sheoirseach agus scríobh chomh mion agus is féidir leat ina thaobh, agus luaigh na cúiseanna ar maith leat é. D'fhéadfadh na ceannteidil seo a leanas a bheith mar chúnamh agat i do fhreagra:
- ainm an fhoirgnimh agus an áit a bhfuil teacht air
- feidhm an fhoirgnimh
- cur síos ginearálta

(b) Déan cur síos ar thrí ghné thipiciúla den ailtireacht Sheoirseach atá le sonrú ar an bhfoirgneamh atá roghnaithe agat.
*Úsáid sceitsí chun do fhreagra a léiriú.*

**5.** Taispeánann na ***léaráidí ar an mbileog faoi iamh*** pictiúir ealaíne le Jack B.Yeats agus le Seán Keating.
(a) Roghnaigh an ceann is fearr leat agus déan mionphlé air. D'fhéadfadh na ceannteidil seo a leanas a bheith mar chúnamh agat i do fhreagra:
- bunábhar – téama an phictiúir
- ceapadóireacht
- obair scuaibe
- dath

(b) Cuir an pictiúr seo i gcomparáid leis an gceann eile.
(c) Scríobh a bhfuil ar eolas agat faoi na healaíontóirí atá i gceist.

**6.** Déan cur síos agus plé ar shaothar duine amháin de na healaíontóirí seo a leanas: Evie Hone, Louis le Brocquy, Brian Bourke, Kathy Prendergast, Conor Fallon, Eilis O'Connell.
Úsáid na ceannteidil seo a leanas:

- bunábhar téamúil
- obair scuaibe (i gcás péintéara)
- foirm (i gcás dealbhadóra)
- ceapadóireacht
- ábhair agus teicnící
- dath agus uigeacht

*Úsáid sceitsí chun do fhreagra a léiriú.*

## ROINN II – EALAÍN NA hEORPA (1000 AD - go dtí Inniu)

**7.** (a) Scríobh a bhfuil ar eolas agat ar dhealbhóireacht Rómhánúil agus Ghotach.

(b) Déan cur síos agus plé ar thrí chosúlacht agus ar thrí éagsúlacht ar a laghad idir dealbhóireacht Rómhánúil agus dealbhóireacht Ghotach. D'fhéadfadh na ceannteidil seo a leanas a bheith mar chúnamh agat i do fhreagra:

- cuma san iomlán
- bunábhar téamúil
- stíl shnoíodóireachta
- patrún

*Úsáid sceitsí chun do fhreagra a léiriú.*

**8.** (a) Roghnaigh dhá shaothar de chuid **Leonardo Da Vinci (1452-1519)** a thaitníonn leat agus déan cur síos agus plé orthu faoi na ceannteidil seo a leanas:

- ainmneacha na saothar roghnaithe
- bunábhar téamúil
- meán a úsáideadh
- ceapadóireacht

(b) Luaigh dhá chúis ar a laghad ar roghnaigh tú na saothair seo.
*Úsáid sceitsí chun do fhreagra a léiriú.*

**9.** Déan cur síos agus plé ar *Radharc Toledo* le **El Greco (1541 – 1640)** ***atá léirithe ar an mbileog faoi iamh,*** faoi na ceannteidil seo a leanas:

- bunábhar téamúil
- ceapadóireacht
- dath agus solas
- sonraí
- meán
- stíl

**10.** Breathnaigh go géar ar an bpictiúr ealaíne *Whistlejacket* le **George Stubbs (1724 – 1806)** agus ar an bpictiúr ealaíne *Oifigeach de chuid na Chasseurs ag Déanamh Ruathair* le **Théodore Géricault (1719 –1824)** ***atá léirithe ar an mbileog faoi iamh.***

(a) Déan cur síos agus plé ar an dá phictiúr faoi na ceannteidil seo a leanas:

- bunábhar téamúil
- ceapadóireacht
- úsáid dathanna
- teicníc
- éifeacht san iomlán

(b) Cé acu pictiúr is fearr leat? Luaigh fáthanna le do fhreagra.

**11.** Rinne **Jan Vermeer (1632 – 1675)** portráidí agus radharcanna tí le beachtaíocht thar barr. Déan cur síos ar phictiúr ar bith dá chuid sa chaoi is go bhféadfaidh cara é a aithint ón gcur síos sin. Bíodh na ceannteidil seo a leanas mar chúnamh agat le do fhreagra:

- cuntas ar an radharc nó ar an bportráid
- ceapadóireacht
- atmaisféar
- dath
- uigeacht
- solas

*Úsáid sceitsí chun do fhreagra a léiriú.*

**12.** Scríobh cuntas ar an **Imprisineachas**. Bain úsáid as an ***léaráid faoi iamh*** de *Imprisean: Éirí na Gréine* le **Claude Monet (1840 –1926)** agus as na ceannteidil seo a leanas mar chúnamh duit le do fhreagra:

- modhanna péintéireachta
- bunábhar téamúil
- ceapadóireacht
- dath
- uigeacht
- solas

*Úsáid sceitsí chun do fhreagra a léiriú.*

**13.** (a) Déan cur síos agus plé ar cheann amháin díobh seo a leanas:

- portráid
- pictiúr ealaíne nó dealbh den duine nocht
- saothar Pop-Ealaíne
- saothar ealaíne teibí

Tig leat saothar a roghnú as aon tréimhse is maith leat. Ba chóir duit an t-ealaíontóir a ainmniú, tagairt a dhéanamh don stíl agus d'úsáid na n-ábhar.

(b) Déan cur síos ar shaothar ealaíne eile de chuid an ealaíontóra atá roghnaithe agat, agus bíodh na ceannteidil seo mar chúnamh agat le do fhreagra:

- meán
- ceapadóireacht
- dath agus solas
- sonraí
- stíl

*Úsáid sceitsí chun do fhreagra a léiriú.*

## ROINN III – LÉIRTHUISCINT

**14.** Tá sé socraithe ag rang na 6ú Bliana agat gairdín beag a dhearadh agus a phlandáil ar thalamh na scoile.

(a) Cad iad na príomhphointí, dar leat, is cóir a chur san áireamh agus sibh ag dul i mbun an tionscnaimh seo?
D'fhéadfadh na ceannteidil seo a leanas a bheith mar chúnamh agat i do fhreagra:

- Suíomh an ghairdín maidir leis an bhfoirgneamh/na foirgnimh scoile
- cruth/méid
- ithir
- plandáil
- dath
- gnéithe maisiúcháin

(b) Tarraing léaráid den dearadh agus den leagan amach atá á moladh. Cuir lipéid ar do léaráid.

**15.** Tugann mata luchóg ríomhaire deis táirgí a fhógairt.

(a) Déan cur síos agus plé ar an mata luchóg ríomhaire is rogha leat faoi na ceannteidil seo a leanas:

- cruth
- íomhá ghrafach
- litreoireacht
- dath
- dromchla agus ábhar

(b) An dearadh é a n-éiríonn leis, dar leat? Luaigh trí chúis mar thaca le do fhreagra.
*Úsáid sceitsí chun do fhreagra a léiriú.*

**16.** Is mó ábhar, dath, cruth agus méid a bhíonn i bhfrámaí le haghaidh fótagraf.

(a) Cad iad na príomhchúinsí a chuirtear san áireamh agus fráma á dhearadh?

(b) Déan cur síos agus plé ar an bhfráma pictiúir is rogha leat.
*Úsáid sceitsí chun do fhreagra a léiriú.*

**17.** Tá iarrtha ort tuairisc a scríobh don iris scoile ar chuairt a thug tú le déanaí ar thaispeántas ealaíne nó ar thaispeántas i músaem.

(a) Déan cur síos agus plé ar an taispeántas faoi na ceannteidil seo a leanas:

- ainm agus suíomh an taispeántais
- cur síos ginearálta ar an ealaín/na lámhdhéantúsáin ar taispeáint
- leagan amach
- soilsiú
- lipéadú na n-earraí ar taispeáint

(b) Déan cur síos gairid ar dhá earra ar taispeáint a thaitin leat.
*Úsáid sceitsí chun do fhreagra a léiriú.*

**18.** Taispeánann ***an léaráid faoi iamh*** spás i bpáirc mar a bhfuil píosa dealbhóireachta poiblí le lonnú.

(a) Mol dearadh do phíosa dealbhóireachta don suíomh seo.

(b) Cad iad na príomhchúinsí a chuirtear san áireamh, dar leat, agus píosa dealbhóireachta poiblí á dhearadh?

(c) Luaigh fáthanna leis an dearadh agat.
*Úsáid sceitsí chun do fhreagra a léiriú.*

**19.** Tá an mála ***atá léirithe ar an mbileog faoi iamh*** ar a n-eolas ag tromlach daoine.

(a) Déan cur síos agus measúnacht ar an dearadh. D'fhéadfadh na ceannteidil seo a leanas a bheith mar chúnamh agat le do fhreagra.

- cruth
- na hábhair a úsáideadh
- dath
- feidhmiúlacht
- a luach ar an airgead

(b) Cad iad na trí phríomhghné is tábhachtaí a bhaineann leis an mála seo, dar leat? Luaigh do chuid tuairimí féin.
*Úsáid sceitsí chun do fhreagra a léiriú.*

**Leathanach Bán**